Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 22 Samhain 2023
(OR. en)

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0038(NLE)**

15504/23
ADD 1

POLCOM 276
SERVICES 51
FDI 31
COASI 200

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 2)/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | ST 6598/23 + ADD 1-5 |
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus an Nua-Shéalainn<br>– Glacadh |

**Ráiteas ó Phoblacht na Bulgáire**

**i dtaca leis an gCinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus an Nua-Shéalainn**

Is den mhórthábhacht do Phoblacht na Bulgáire cur chun cinn agus cosaint chearta an duine, lena n-áirítear chun an t-idirdhealú a chomhrac. Tá an tír tiomanta dá gealltanais maidir le cearta an duine, agus leanfaidh sí de bheith tiomanta dóibh.

In 2018, ghlac Cúirt Bhunreachtúil na Bulgáire cinneadh ina luaitear go bhfuil coincheap na hinscne mar chonstruáil shóisialta ar neamhréir le príomhphrionsabail Bhunreacht na Bulgáire.

I gcomhréir leis an gCinneadh thuasluaite ón gCúirt Bhunreachtúil agus le Bunreacht na Bulgáire, dearbhaíonn Poblacht na Bulgáire go ndéanfar gach tagairt sa Chomhaontú Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus an Nua-Shéalainn don téarma ‘inscne’ a léiriú mar thagairt do mhná agus d’fhir.

## Ráiteas ón Ungáir

**i dtaca leis an gComhaontú Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus an Nua-Shéalainn**

I gcomhréir le dlí bunúsach na hUngáire agus leis an dlí príomha, le prionsabail agus luachanna an Aontais Eorpaigh, chomh maith leis na gealltanais agus na prionsabail a eascraíonn as an dlí idirnáisiúnta, aithníonn an Ungáir an comhionannas idir mná agus fir agus cuireann sí an comhionannas sin chun cinn. Ina theannta sin, tá an comhionannas idir mná agus fir cumhdaithe mar bhunluach i gConarthaí an Aontais Eorpaigh, go háirithe in Airteagal 2 CAE agus in Airteagal 8 CFAE. I gcomhréir leo sin agus lena reachtaíocht náisiúnta, is é an léiriú atá ag an Ungáir ar an gcoincheap 'inscne' ná tagairt don ghnéas agus ar an gcoincheap 'comhionannas inscne' ná tagairt don chomhionannas idir mná agus fir.